Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022
(OR. fr)**

**9474/22**

**AGRILEG 79
PESTICIDE 13**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 16 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D079006/03 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhair le haghaidh beinsivindéfhluipire, boscailide, feanasacuine, fluasafop-P, fluipiridhéfhúróin, flocsaipiorocsad, foiseitil-Al, isifeitimíde, meataflumasóin, pireaclóstróibine, spiriteitreamat, tolclófos-meitile i dtáirgí áirithe nó orthu |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D079006/03.

---

Faoi iamh: D079006/03

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
SANTE/10016/2022
(POOL/E4/2022/10016/10016-EN.docx)
D079006/03
[…](2022) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhair le haghaidh beinsivindéfhluipire, boscailide, feanasacuine, fluasafop-P, fluipiridhéfhúróin, flocsaipiorocsad, foiseitil-Al, isifeitimíde, meataflumasóin, pireaclóstróibine, spiriteitreamat, tolclófos-meitile i dtáirgí áirithe nó orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le huasleibhéil iarmhair le haghaidh beinsivindéfhluipire, boscailide, feanasacuine, fluasafop-P, fluipiridhéfhúróin, flocsaipiorocsad, foiseitil-Al, isifeitimíde, meataflumasóin, pireaclóstróibine, spiriteitreamat, tolclófos-meitile i dtáirgí áirithe nó orthu**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 14 Nollaig 2021, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasteorainneacha iarmhair nua Codex (CXLanna) le haghaidh aicéiteaclóir, aifidipiripeine, beinsivindéfhluipire, défheintrine, boscailide, búpróifisine, cairbeandaisime, clórantrainileapróil, cioglainileapról, cipirmeitriní (lena n-áirítear alfa-cipirmeitrin agus zéite-cipirmeitrin), díceamba, feanascuine, floiniocaimíd, fluasafop-P, fluansulfóin, fluipiridhéfhúróin, floscaipiorocsad, foiseitil-Al, gliofosáite, isifeitimíd, creasocsaim-meitile, mandastróibine, méisitrí-óin, meataflumasóin, meataconasóil, meitipréine, peindémheatailine, peintiaipiorad, piococsastróibine,própaconasóil, pidhéfhluimeitifeine, pireaclóstróibine, pirióifeanóin, pireaprocsaifeine, spiriteitreamat, teabúconsóil, tiaibeandasóil, tolclófos-meitile agus toilfeinpioráide[2].

(2) Bhí uasleibhéil iarmhar (MRLanna) leagtha síos le haghaidh na substaintí sin in Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, seachas i gcás aifidipiripeine, fluansulfóin, pidhéfhluimeitifeine agus toilfeinpioráide, substaintí nár leagadh síos aon MRL sonrach ina leith agus nár cuireadh san áireamh in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, agus mar sin tá feidhm ag an luach réamhshocraithe de 0.01 mg/kg a leagtar síos in Airteagal 18(1)(b) den Rialachán sin.

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

[2] https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-44%252FFINAL%252520REPORT%252FRep21_CACe.pdf.
Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, Coimisiún Codex Alimentarius Aguisín III. An Ceathrú Seisiún is Ceathracha. Seisiún ar líne, 8-15, 17-18 Samhain agus 14 Nollaig 2021.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], i gcás ina bhfuil caighdeáin idirnáisiúnta ann cheana nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, cuirfear san áireamh iad i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí an bhia a bhaint amach nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó go dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le pointe (e) d'Airteagal 13 den Rialachán sin, tá an tAontas chun comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí an bhia a chur chun cinn agus a áirithiú ag an am céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(4) Chuir an tAontas forchoimeádais faoi bhráid[4][5] an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ar CXLanna atá beartaithe le haghaidh na dteaglamaí lotnaidicíde/táirgí seo a leanas: aicéiteaclór (gach táirge), aifidipiripein (gach táirge), défheintrin (gach táirge), boscailid (foghrúpa na dtorthaí póma), búpróifisin (gach táirge), cairbeandaisim (gach táirge), cioglainileapról (gach táirge), cipirmeitrin (lena n-áirítear alfa-cipirmeitrin agus zéite-cipirmeitrin) (gach táirge), díceamba (gach táirge), floiniocaimíd (gach táirge), fluasafop-P (caora troim, sútha talún), fluansulfón (gach táirge), foiseitil-Al (na pónairí caife), gliofosáit (gach táirge), mandastróibin (síol ráibe), meataflumasón (caor fíniúna), meataconasól (gach táirge), meitipréin (gach táirge), peintiaipiorad (gach táirge), piococsastróibin (gach táirge), própaconasól (gach táirge), pidhéfhluimeitifein (gach táirge), teabúconsól (gach táirge), tolclófos-meitil (prátaí) agus toilfeinpioráid (gach táirge).

(5) Ina theannta sin, shainaithin an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') imní a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le tiaibeandasól i bprátaí milse[6]. Dá bhrí sin, ní chuirfear an CXL lena mbaineann san áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar MRL.

(6) Maidir leis na CXLanna nár chuir an tAontas forchoimeádas ina leith faoi bhráid an Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí agus nár shainaithin an tÚdarás imní a d'fhéadfadh a bheith ann ina leith maidir le géar-iontógáil, rud a bhaineann le CXLanna áirithe le haghaidh beinsivindéfhluipire, boscailide, feanascuine, fluasafop-P, fluipiridhéfhúróin, floscaipiorocsad, foiseitil-Al, isifeitimíd, meitipréin, pireaclóstróibine, spiriteitreamat, tiaibeandasóil agus tolclófos-meitile[7]. Ba cheart, dá bhrí sin, na CXLanna sin a áireamh i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar MRLanna,

---

3 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta maidir le dlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta in ábhair a bhaineann le sábháilteacht bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1).

4 Barúlacha an Aontais Eorpaigh maidir le Codex CX/PR 21/52/5(REV): https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FCRDs%252Fpr52_CRD22x.pdf.

5 Tuarascáil ón 52ú seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí REP21/PR: https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-52%252FREPORT%252FFINAL%2BREPORT%252FREP21_PR52e.pdf.

6 Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 52ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR). EFSA Journal [Iris EPSA] 2021;19(8):6766.

7 Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 52ú Seisiún den Choiste Codex maidir le hIarmhair Lotnaidicídí (CCPR). EFSA Journal [Iris EPSA] 2021;19(8):6766.

ach amháin i gcás ina mbaineann siad le táirgí nach dtagraítear dóibh in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin nó i gcás ina bhfuil siad ar leibhéal níos ísle ná na MRLanna atá ann faoi láthair. Níor cheart, dá bhrí sin, aon athrú a dhéanamh maidir leis na MRLanna le haghaidh clórantrainileapróil, creasocsaim-meitile, méisitrí-óin, peindémheatailine, pirióifeanóin, pireaprocsaifeine agus teabúconsóil.

(7) Ar bhonn na tuarascála eolaíche ón Údarás agus na tosca ábhartha a bhaineann leis an ábhar atá á meas á gcur san áireamh, comhlíonann na modhnuithe iomchuí ar na MRLanna na ceanglais atá in Airteagal 14(2) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*